C/2026/4922

19.9.2026

Ráiteas ón gCoimisiún maidir le láimhseáil bhuiséadach na táille láimhseála

(C/2026/4922)

Nuair a bhunófar táille láimhseála an Aontais i gCód Custaim an Aontais, is éard a bheidh inti acmhainn dhílis thraidisiúnta (ADT) de réir bhrí Airteagal 2(1)(a) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh, [arb é atá ann cinneadh reatha maidir le hacmhainní dílse], toisc go bhfuil méid na táille le bunú ag institiúidí an Aontais i ndáil le trádáil le tríú tíortha.

Dá réir sin, faoin gCinneadh reatha maidir le hAcmhainní Dílse, coinníonn na Ballstáit 25 % de ADT ach ioncam ó bhuiséad an Aontais atá sa chuid eile.

Mar sin féin, le hAirteagal 13(9) den Togra ón gCoimisiún le haghaidh an Chinnidh nua maidir le hAcmhainní Dílse [1], tugtar isteach beart idirthréimhseach lena sonraítear nach gcuirfear an táille láimhseála ar fáil do bhuiséad an Aontais go dtí deireadh an CAI seo [2], Dá gcomhaontófaí an fhoráil sin, chiallódh sé go mbeadh na Ballstáit ina dtairbhithe den ioncam a ghinfí leis an táille go dtí deireadh 2027.

Leagfar síos na mionsonraí maidir le comhaontú den sórt sin a chur chun feidhme sa togra le haghaidh Rialachán maidir le Cur ar Fáil.

Go dtí go gcomhaontóidh na Ballstáit an fhoráil sin agus go dtiocfaidh sí i bhfeidhm, beidh feidhm ag forálacha an Chinnidh maidir le hAcmhainní Dílse atá i bhfeidhm faoi láthair. Dá bhrí sin, is léir gur ar mhaithe leis na Ballstáit a bheidh sé teacht ar chomhaontú maidir leis an gCinneadh nua maidir le hAcmhainní Dílse a luaithe is féidir.

---

[1] Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 (COM/2025/574 final).

[2] Airteagal 13(9): ‘Le linn na tréimhse idir an [1 Samhain 2026] agus an 31 Nollaig 2027, de mhaolú ar mhír 3 d’Airteagal 9 agus na rialacha arna nglacadh de bhun phointe (b) d’Airteagal 10 de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053, na méideanna acmhainní dílse traidisiúnta a bhaineann le láimhseáil scaoileadh i saorchúrsaíocht na n-earraí a dhíoltar i gciandíolacháin, ní chuirfear na méideanna sin ar fáil agus ní bheidh feidhm ag na rialacha a bhaineann le rialuithe, maoirseacht agus tuairisciú maidir leis na méideanna sin’.